Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Samhain 2022**
**(OR. en, pl)**

**14495/22**
**ADD 1**

**SOC 614**
**EMPL 420**
**ANTIDISCRIM 112**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú sa mhargadh saothair<br>*- Formheas*<br>*- Ráiteas ó thoscaireacht na Polainne* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn ráiteas ó thoscaireacht na Polainne maidir leis na dréachtchonclúidí thuasluaite.

## RÁITEAS ÓN bPOLAINN

### RÁITEAS ÓN bPOLAINN A GHABHANN LEIS NA DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE DAOINE FAOI MHÍCHUMAS A CHUIMSIÚ SA MHARGADH SAOTHAIR

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi réim chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, déanfaidh an Pholainn an leagan 'gné an comhionannais inscne' a léiriú mar chomhionannas idir mná agus fir bunaithe ar ghnéas, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 8 agus Airteagal 157 mír 3 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.